Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**15063/21**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0423(COD)**

**ENER 559**
**CLIMA 454**
**ENV 1009**
**IND 387**
**COMPET 913**
**RECH 564**
**AGRI 643**
**RELEX 1103**
**CODEC 1655**
**IA 206**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Nollaig 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 805 final - IARSCRÍBHINNÍ 1 go 8 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/942 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 805 final - IARSCRÍBHINNÍ 1 go 8.

---

Faoi iamh: COM(2021) 805 final - IARSCRÍBHINNÍ 1 go 8

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.12.2021
COM(2021) 805 final

ANNEXES 1 to 8

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/942**

{SEC(2021) 432 final} - {SWD(2021) 459 final} - {SWD(2021) 460 final}

## IARSCRÍBHINN I

### Sceidil braite, deisiúcháin agus faireacháin sceití

Sceideal deisiúcháin

Ní mór na nithe seo a leanas ar a laghad a bheith san áireamh sa sceideal deisiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14:

(i) Fardal a dhéanamh de na comhpháirteanna uile a seiceáladh agus iad a shainaithint

(ii) Toradh na cigireachta i dtéarmaí cé acu a braitheadh nó nár braitheadh caillteanas meatáin, agus má braitheadh, méid an chaillteanais sin

(iii) Maidir le comhpháirteanna a shuitear go bhfuil 500 páirt in aghaidh an mhilliúin meatáin nó níos mó á n-astú acu, tásc ar cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh deisiúchán le linn shuirbhé LDAR agus sa chás nach ndearnadh, an chúis a bhí leis sin, agus na ceanglais á gcur san áireamh a mhéid a bhaineann siad leis na heilimintí is féidir a chur san áireamh le haghaidh deisiúchán moillithe, de réir mhír 4 d'Airteagal 14.

(iv) Maidir le comhpháirteanna a shuitear go bhfuil 500 páirt in aghaidh an mhilliúin meatáin nó níos mó á n-astú acu, sceideal beartaithe deisiúcháin ina bhfuil tásc ar an dáta deisiúcháin beartaithe,

(v) Maidir le comhpháirteanna a suiteadh i suirbhé LDAR roimhe go raibh níos lú ná 500 páirt in aghaidh an mhilliúin meatáin á n-astú acu, ach a shuitear go bhfuil 500 páirt in aghaidh an mhilliúin meatáin nó níos mó á n-astú acu le linn fhaireachán iar- LDAR chun a sheiceáil ar tháinig forbairt ar mhéid an chaillteanais meatáin, tásc ar cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh deisiúchán láithreach agus sa chás nach ndearnadh an chúis a bhí leis sin (de réir iii) agus sceideal beartaithe deisiúcháin ina bhfuil tásc ar an dáta deisiúcháin beartaithe.

Tá sceideal iardheisiúcháin le bheith ann ina dhiaidh sin ina léireofar cathain a rinneadh na deisiúcháin iarbhír.

Sceideal faireacháin

Is gá na nithe seo a leanas ar a laghad a bheith san áireamh sa sceideal faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 14:

(i) Fardal a dhéanamh de na comhpháirteanna uile a seiceáladh agus iad a shainaithint

(ii) Toradh na cigireachta i dtéarmaí cibé acu a braitheadh nó nár braitheadh caillteanas meatáin, agus má braitheadh, méid an chaillteanais sin

(iii) Maidir le comhpháirteanna a shuitear go bhfuil 500 páirt in aghaidh an mhilliúin meatáin nó níos mó á n-astú acu, torthaí faireacháin arna dhéanamh i ndiaidh an deisiúcháin le seiceáil ar éirigh leis an deisiúchán

(iv) Maidir le comhpháirteanna a shuitear go bhfuil níos lú ná 500 páirt in aghaidh an mhilliúin meatáin á n-astú acu, torthaí faireacháin iar- LDAR le seiceáil cibé acu a tháinig nó nár tháinig forbairt ar mhéid an chaillteanais meatáin agus moladh ar bhonn an toraidh.

## IARSCRÍBHINN II

**Tuairisciú ar imeachtaí scaoilte agus bladhmtha**

De bhun Airteagal 16, ní mór d'oibreoirí an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a thuairisciú do na húdaráis inniúla maidir le meatán arna scaoileadh nó arna bhladhmadh:

(i) ainm an oibreora;

(ii) ainm agus cineál na sócmhainne;

(iii) an trealamh lena mbaineann;

(iv) dáta(í) agus am(anna) a fuarthas an scaoileadh nó an bladhmadh nó a tosaíodh agus a críochnaíodh an scaoileadh agus an bladhmadh;

(v) méid tomhaiste nó méid measta an gháis nádúrtha arna scaoileadh nó arna bhladhmadh;

(vi) cúis agus cineál an scaoilte nó an bhladhmtha;

(vii) bearta a rinneadh chun teorainn a chur le fad agus le méid an scaoilte nó an bladhmtha;

(viii) gníomhaíochtaí ceartúcháin arna ndéanamh chun cúis agus atarlú an scaoilte nó an bhladhmtha a dhíchur;

(ix) torthaí cigireachtaí seachtainiúla ar shimléair bhladhaire arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 17

## IARSCRÍBHINN III

## Cigireachtaí ar shimléair bhladhaire

Is gá go mbeidh san áireamh i gcigireachtaí seachtainiúla ar shimléair bhladhaire cigireacht chuimsitheach Fuaime, Amhairc agus Bolaidh (AVO) (lena n-áirítear amharc- chigireacht sheachtrach ar shimleáir bhladhaire, éisteacht le haghaidh sceití brú agus leachta agus bolú le haghaidh bolaidh neamhghnácha agus láidre).

Le linn na cigireachta ní mór don chigire iniúchadh a dhéanamh ar na comhpháirteanna uile lena n-áirítear simléir bhladhaire, haistí gadaí, córais gaothaire dhúnta, pumpaí, comhbhrúiteoirí, gairis faoisimh brú, comhlaí, línte, feirí, nascóirí agus píobáil lena mbaineann chun lochtanna, sceití agus scaoiltí a shainaithint.

Is gá na breithnithe seo a leanas a chur sa tuarascáil:

(i) I gcás bladhmanna lasta: cibé acu a mheastar nó nach meastar an dóchán a bheith leordhóthanach. Sainmhínítear dóchán neamh-leordhóthanach mar bhladhm ag a bhfuil astaíochtaí infheicthe a mhaireann níos mó ná 5 nóiméad san iomlán le linn tréimhse 2 uair an chloig as a chéile.

(ii) I gcás bladhmanna neamhlasta: cibé acu atá nó nach bhfuil gaothaire gáis ag an mbladhm neamhlasta. Má tá gaothaire gasta aici, ba cheart idirghabháil chun í a leigheas a dhéanamh laistigh de 6 uair an chloig nó laistigh de 24 uair an chloig i gcás drochaimsire nó i gcás dálaí foircneacha eile.

## IARSCRÍBHINN IV

## Fardail toibreacha neamhghníomhacha

De bhun Airteagal 18, is gá an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a bheith san áireamh i bhfardal toibreacha neamhghníomhacha:

(i) ainm agus seoladh an oibreora, an úinéara nó an cheadúnaí, i gcás inarb infheidhme;

(ii) ainm, cineál agus seoladh an tobair nó láithreán an tobair;

(iii) léarscáil ar a léirítear teorainneacha an tobair nó teorainneacha láithreáin an tobair;

(iv) torthaí ar thomhais ar bith ar thiúchain meatáin.

## IARSCRÍBHINN V

## Tuairisciú le haghaidh oibriú mianach guail

Cuid 1

De bhun Airteagail 19 agus 20, is gá go mbeidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san áireamh sna tuarascálacha le haghaidh oibriú mianach guail:

(i) ainm agus seoladh an oibreora mianaigh;

(ii) seoladh an mhianaigh;

(iii) tonnáiste gach cineáil guail a tháirgtear as an mianach;

(iv) maidir leis na seaftaí aerála uile a úsáidtear sa mhianach

1) ainm (más ann dó);

2) tréimhse úsáide, más difriúil leis an tréimhse tuairiscithe;

3) comhordanáidí

4) cuspóir (iontógáil, sceitheadh)

5) sonraíocht theicniúil an ghairis tomhais a úsáidtear chun astaíochtaí a thomhas agus a chainníochtú agus na dálaí optamacha oibriúcháin a shonraíonn an táirgeoir;

6) cion an ama a bhí gaireas tomhais leanúnaigh á oibriú;

7) an rogha a rinneadh caighdeán Eorpach nó caighdeán idirnáisiúnta a úsáid:

le haghaidh suíomh samplála gairis tomhais meatáin;

le haghaidh tomhas rátaí sreafa;

le haghaidh tomhas tiúchan meatáin;

8) astaíochtaí meatáin arna gclárú ag an ngaireas tomhais leanúnaigh (i dtonaí);

9) astaíochtaí meatáin arna gclárú trí shampláil mhíosúil (i dtonaí/uair an chloig) ina gcumhdaítear faisnéis maidir leis an méid seo a leanas;

- dáta samplála;

- teicníc samplála;

- léamha ar dhálaí an atmaisféir (brú, teocht, bogthaise), arna ndéanamh ag fad iomchuí chun na dálaí ag a n-oibríonn an gaireas tomhais leanúnaigh a léiriú;

11) má tá an mianach ceangailte le mianach eile ar bhealach ar bith inar féidir le haer bogadh idir an dá mhianach, ainm an mhianaigh sin;

(v) fachtóirí astaíochta iar- mhianadóireachta agus tuairisc ar an modh a úsáidtear chun iad a ríomh;

(vi) astaíochtaí iar- mhianadóireachta (i dtonaí).

Cuid 2

De bhun Airteagail 19 agus 20, is gá go mbeidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san áireamh sna tuarascálacha le haghaidh oibriú mianach dromchla:

(i) ainm agus seoladh an oibreora mianaigh;

(ii) seoladh an mhianaigh;

(iii) tonnáiste gach cineáil guail a tháirgtear as an mianach;

(iv) léarscáil na spruadar uile a úsáideann an mianach ar a léirítear teorainneacha na spruadar sin;

(v) maidir le gach spruadar guail:

1) ainm (más ann dó);

2) tréimhse úsáide, más difriúil leis an tréimhse tuairiscithe;

3) achoimre ar an modh turgnamhach a úsáidtear chun astaíochtaí meatáin a eascraíonn as gníomhaíochtaí mianadóireachta a chinneadh, lena n-áirítear roghnú na modheolaíochta chun astaíochtaí meatáin ó strataim máguaird a chur san áireamh

(vi) fachtóirí astaíochta iarmhianadóireachta agus tuairisc ar an modh a úsáidtear chun iad a ríomh;

(vii) astaíochtaí iarmhianadóireachta.

Cuid 3

De bhun Airteagail 19 agus 20, is gá an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a bheith san áireamh sna tuarascálacha le haghaidh stáisiúin draenála:

(i) ainm agus seoladh an oibreora mianaigh;

(ii) tonnáiste an mheatáin a sholáthraíonn mianach nó córas draenála mianaigh, in aghaidh an mhianaigh;

(iii) tonnáiste an mheatáin arna scaoileadh;

(iv) tonnáiste an mheatáin arna bhladhmadh;

(v) éifeachtúlacht bhladhma;

(vi) úsáid an mheatáin arna ghabháil.

## IARSCRÍBHINN VI

## Tuairisciú ar imeachtaí scaoilte agus bladhmtha i stáisiúin draenála

De bhun Airteagal 23, ní mór d'oibreoirí stáisiúin draenála an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a thuairisciú do na húdaráis inniúla maidir le meatán arna scaoileadh nó arna bhladhmadh:

(i) ainm agus seoladh an oibreora;

(ii) an t-am a braitheadh an t-imeacht den chéad uair;

(iii) cúis an imeachta scaoilte agus/nó an imeachta bladhmtha;

(iv) tonnáiste an mheatáin arna scaoileadh agus arna bhladhmadh (nó meastachán mura bhfuil cainníochtú indéanta).

## IARSCRÍBHINN VII

## Mianaigh dhúnta agus thréigthe

Cuid 1

De bhun Airteagail 24 agus 25, is gá go mbeidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san áireamh i bhfardal na mianach guail dúnta agus tréigthe i leith gach láithreáin:

(i) ainm agus seoladh an oibreora, an úinéara nó an cheadúnaí, i gcás inarb infheidhme;

(ii) seoladh an láithreáin;

(iii) léarscáil ar a léirítear teorainneacha an mhianaigh;

(iv) scéimeanna oibriúcháin mianaigh agus a stádas;

(v) torthaí ar thomhas tiúchain meatáin i leith na ngnéithe seo a leanas:

1) na seaftaí aerála uile a úsáideadh sa mhianach nuair a bhí sé á oibriú, i dteannta:

- comhordanáidí an seafta

- ainm an tseafta (más ann dó);

- stádas séalaithe agus modh séalaithe, más eol

2) píopaí scaoilte neamhúsáidte

3) tobair dhraenála gáis neamhúsáidte

4) lomáin;

5) bristeacha strataim in-sainaitheanta i gcríoch an mhianaigh nó nasctha lena iar- spruadar guail;

6) poncfhoinsí féideartha astaíochtaí taifeadta eile.

Cuid 2

Ní mór na tomhais dá dtagraítear i bpointe (v) de Chuid 1 a dhéanamh i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:

(i) is gá tomhais a dhéanamh ag brú atmaisféarach ionas go mbeifear in ann aon sceitheadh meatáin féideartha a bhrath agus is gá iad a dhéanamh de réir na gcaighdeán eolaíochtaí iomchuí.

(ii) chun tomhais a dhéanamh, ní mór gaireas a úsáid ag a bhfuil teorainn íogaireachta 10 000 páirt in aghaidh an mhilliúin ag an bhfad is gaire is féidir don fhoinse astaíochtaí ata á tomhas.

(iii) ní mór an fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil leis na tomhais:

1) dáta an tomhais

2) brú atmaisféarach

3) sonraí teicniúla an ghairis arna úsáid le haghaidh an tomhais

(iv) seaftaí aerála a bhí in úsáid ag dhá mhianach nó níos mó go stairiúil, is gá na seaftaí sin a shannadh d’aon mhianach amháin, chun ríomh dúbailte a sheachaint

Cuid 3

Is gá go mbeidh na nithe seo a leanas san áireamh sa tuarascáil a leagtar amach in Airteagal 25(3):

(i) ainm agus seoladh an oibreora, an úinéara nó an cheadúnaí, i gcás inarb infheidhme;

(ii) seoladh an láithreáin;

(iii) astaíochtaí meatáin ó na heilimintí uile a leagtar amach in Airteagal 25(3) lena n-áirítear:

1) cineál na heiliminte

2) sonraí teicniúla an ghairis arna úsáid le haghaidh an tomhais lena n-áirítear íogaireacht an ghairis

3) cion an ama a bhí an gaireas tomhais á oibriú;

4) an tiúchan meatáin arna clárú ag an ngaireas tomhais

5) meastacháin ar astaíochtaí meatáin ón eilimint

Cuid 4

Is gá go mbeidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san áireamh sa phlean maolaithe a leagtar amach in Airteagal 26(1):

(i) liosta na n-eilimintí uile a chumhdaítear in Airteagal 25(3);

(ii) indéantacht theicniúil mhaolú na n-astaíochtaí meatáin ó eilimintí a leagtar amach in Airteagal 25(3);

(iii) amlíne maolaithe astaíochtaí meatáin ó eilimintí a leagtar amach in Airteagal 25(3);

## IARSCRÍBHINN VIII

### Faisnéis le cur ar fáil ag allmhaireoirí

Chun críche na hIarscríbhinne seo, ciallaíonn 'onnmhaireoir' an contrapháirtí conartha i ngach conradh soláthair a rinne an t-allmhaireoir le haghaidh seachadadh fuinnimh iontaise isteach san Aontas.

De bhun Airteagal 27, ní mór d'allmhaireoirí an fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil:

(i) ainm agus seoladh an onnmhaireora, agus más difriúil leis an onnmhaireoir, ainm agus seoladh an táirgeora;

(ii) tíortha agus réigiúin inar táirgeadh an fuinneamh a chomhfhreagraíonn d'ainmniúlacht aonad críochach le haghaidh staidrimh (NUTS) leibhéal 1 an Aontais agus tíortha agus réigiúin trínar iompaíodh an fuinneamh go dtí gur cuireadh ar mhargadh an Aontais é, a chomhfhreagraíonn d'ainmniúlacht aonad críochach le haghaidh staidrimh (NUTS) leibhéal 1;

(iii) maidir le hola agus gás iontaise, cibé acu atá nó ach bhfuil an t-onnmhaireoir ag déanamh tomhais agus tuairisciú ar a astaíochtaí meatáin, go neamhspleách nó mar chuid de ghealltanais fardal náisiúnta GCT a thuairisciú i gcomhréir le ceanglais Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), agus cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé ceanglais tuairiscithe UNFCC nó a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé caighdeáin 2.0 na Comhpháirtíochta um Meatán Gáis agus Ola. Ní mór cóip den tuarascáil is déanaí ar astaíochtaí meatáin a bheith ag gabháil leis sin, lena n-airítear i gcás inar féidir, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 12(6). Ní mór modh an chainníochtaithe (amhail sraitheanna UNFCCC nó leibhéil OGMP) arna úsáid sa tuarascáil a shonrú le haghaidh gach cineáil astaíochta;

(iv) maidir le hola agus gás, cibé acu a chuireann nó nach gcuireann an t-onnmhaireoir bearta rialála nó deonacha i bhfeidhm chun a astaíochtaí meatáin a rialú, lena n-áirítear bearta amhail suirbhéanna braite agus deisithe sceití nó bearta chun scaoileadh agus bladhmadh meatáin a rialú agus a shrianadh. Ní mór tuairisc ar na bearta sin a bheith ag gabháil leis sin, lena n-áirítear, i gcas inar féidir, tuairiscí ó shuirbhéanna braite agus deisithe sceití agus ó imeachtaí scaoilte agus bladhmtha i ndáil leis an mbliain féilire is déanaí atá ar fáil;

(v) maidir le gual, cibé acu atá nó ach bhfuil an t-onnmhaireoir ag déanamh tomhais agus tuairisciú ar a astaíochtaí meatáin, go neamhspleách nó mar chuid de ghealltanais fardal náisiúnta GCT a thuairisciú i gcomhréir le ceanglais Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), agus cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé ceanglais tuairiscithe UNFCC nó a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé caighdeán idirnáisiúnta nó Eorpach le haghaidh faireacháin, tuairisciú agus fíorú astaíochtaí meatáin. Ní mór cóip den tuarascáil is déanaí ar astaíochtaí meatáin a bheith ag gabháil leis sin, lena n-áirítear i gcás inar féidir, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 20(6). Ní mór modh an chainníochtaithe (amhail sraitheanna UNFCCC nó leibhéil OGMP) arna úsáid sa tuarascáil a shonrú le haghaidh gach cineáil astaíochta;

(vi) maidir le gual, cibé acu a chuireann nó nach gcuireann an t-onnmhaireoir bearta rialála nó deonacha i bhfeidhm chun a astaíochtaí meatáin a rialú, lena n-áirítear bearta chun scaoileadh agus bladhmadh meatáin a rialú agus a shrianadh. Ní mór tuairisc ar na bearta sin a bheith ag gabháil leis sin, lena n-áirítear, i gcas inar féidir, tuairiscí ó imeachtaí scaoilte agus bladhmtha i ndáil leis an mbliain féilire is déanaí atá ar fáil;

(vii) ainm an eintitis a rinne an fíorú neamhspleách ar na tuairiscí dá dtagraítear i bpointí (iii) agus (v), má rinneadh a leithéid.